IORRAS

Leis an droċ aimsir agus go h-áiṫrid an ḟearṫain, ḃí fíor ḃeagán ar aonaċ míosúil Ḃéal an Ṁuirṫid, Dé hAoine seo caite. Ní raiḃ aċ beagán stoc ar tairiscint, agus ċuaiġ ba ionlaoiġ ó £65-£70; bulláin, ó £70-£80; gamna fireann £20-£25. Ḋiúltaiġ feilméar as Fód Duḃ £82 ar bullán ceiṫre-ḃliana. Ḃí na fataí daor go maiṫ, ó 21s. go 25s. an com. Ċuaiġ banḃáin £5-£6 an páire.

B'éigin an ċéad ċluiċe de Corn an Canónaċ Ó Domnaill, idir Baile Cruaiḋe agus Dúṫanna, a ċur siar toisc com h-olc ⁊ a ḃí an lá agus an gála gaoiṫe móide a ḃí ag séideaḋ.

Ḃí an cruinniú cinnḃliana ag foireann peile Ḃéal an Ṁuirṫid Dé Domnaiġ seo caite, ag a 3 a' ċlog. Ḃí slua maiṫ i láṫair, agus ḃí tuairisc sásúil ar obair na bliana ós a gcomair. Ḃí áṫas ar a ċáirde agus a ċomarsanaí com maiṫ lena ġaolta, nuair a ṫug Antoine Ḃairéad, as Tuar Glas, Ḃéal an Ṁuirṫid, cuairt na ḃaile arís ón Aifric Ṫeas. Tá sé seaċt mbliana ó ḃí sé sa ḃaile roiṁe.

Duine eile ar cuairt san áit isea Máire Ḃáiread, S.R.N. Iníon do Seaic Ḃáiread agus a ḃean, Cuan Mód, isea í.

Ḃeiḋ Scoil an Ḟóid Duḃ dúnta go ceann tamall maiṫ de ḃárr an damáiste a rinneaḋ de ḟoirgneaṁ na scoile leis an stoirm tá seaċtain ó ṡin.

Ḃí an stoirm céanna níos measa ná a ḃfuil cuiṁne air le fada an lá. Rinneaḋ damáiste trom in Iorras. I mBaile an Ṁuirṫid féin tógaḋ na sclátaí de na díoin, agus caiṫeaḋ anuas aerógа telefíse. Ḃí garáiste nua tógṫa in Sráid na hEaglaise agus scriosaḋ ar fad é. Siabaḋ an díon 20 slat treasna na ḃpáirceanna agus rinne sé damáiste de ḋá ṫeaċ eile, ⁊ leag cuaille telegrafa. Meastar gur dearnaḋ damáiste gur fiú £300 é.

Ag Gleann Lára, ḃí ḋá tanc ar ḃfiú £50 iad. a ḃí ag na hiascairí fá ċoinne gliomaí a stóráil iontu, agus ṡiab an ḟarraige garḃ ar ṡiúl iad.

Scriosaḋ bád le Muinntir Raġallaiġ, com maiṫ. Deir na hiascairí gurb é an Domnaċ seo caite an lá ba ṁeasa a raiḃ cuiṁne acu ariaṁ air.

Ag Baile Glas, siabaḋ isteaċ fuinneogaí, agus briseaḋ iad, in tiṫe cónaí. "Ní ḟaca mé ariaṁ an ḟarraige ag éirí ċom h-árd," adúirt Annraoí Ó Geaċráin, Ceartóċar, an Stáisiún Tárṫála.

Ag Scotchport, milleaḋ oċt gcinn de ċurraċaí le iascairí Cor Cloċ, agus Gleann Rí. San áit ċéanna, siabaḋ gliomaí agus pollóg ṁarḃa suas ar an ċladaċ.

Ag Fód Duḃ, toṁaiseaḋ luas ós cionn 90 míle san uair san ġaoṫ, agus níor dearnaḋ doċar mór ar biṫ.

Ag Duḃ Ṫuama. siabaḋ tuille fearṫanna ón ḟarraige, ceiṫre troiġ ar doiṁne treasna an ḃealaiġ ṁóir, agus b'éigin do ḋaoine a ḃí ag dul 'un Aifrinn ansin corr-ḃealaiġ trí-ṁíle treasna na bancanna, a ḋéanaṁ. Ní raiḃ Minibus, le Éamonn Holmes, fear taḃairne i nDuḃ Ṫuama, agus Éamon Mac Cárṫaiġ, á ṫiomáint, ionann an aistir an 12 míle do Ḃéal an Ṁuirṫid a ḋéanaṁ fá ċoinne doċtúir, toisc go raiḃ an bealaċ gearrṫa ar fad, leis an ḟarraige árd, ag Gaoṫ Sáile.

Comġáirdeaċas le M. Ní Loinsiġ, iníon is sine do Máirtín Ó Loinsiġ, agus a ḃean, Bun na hAḃainn, ar na ceapaḋ mar fáilteoir insan Óstán Intercontinental, i mBaile Áṫa Cliaṫ. Roiṁe sin, ḃí sí insan Óstán Imperial i mBéal Áṫa an Ḟeaḋ.

Rinne Cumann Talṁaíoċt Ḃéal an Ṁuirṫid comġáirdeaċas le Pádraig Ó Ḃáiréad, leas-ċaṫaoirleaċ, agus S. D. Ḃáiréad, Tuar Glas, ar turas Ċaṫal Ó hEoċaiḋ, Aire Talṁaíoċta, ċuig a gcuid feilmeaċa. Dúirt an tUasal Ḃáiréad go raiḃ cuma ar an Aire go raiḃ sé breá sásta leis na feaḃsúċáin a rinneaḋ do ṫiṫe feirme, draenáil feirme, feaḃsú ar cúrsaí eallaí agus síolrú uaċtair ar talaṁ portaiġ. Dúirt an Dr. T. Ó Ceallaiġ, Caṫaoirleaċ, gurb í talṁaíoċt ċáiṁdroma na hÉireann, agus go raiḃ an Rialtas sásta caḃrú leis. Ṁeas sé go gcaḃróḋ an Fact-Finding Mission a ḃí ag an Aire san Iarṫair leis an ḟeirmeoireaċt. Dúirt P. Labelle, M.P.S.I., gur coṁarṫa dóċais é an tAire feiceáil ag glacaḋ oiread suim i ḃfaḋbanna an ċeanntair, agus ṁeas sé go ḃféadfaí rud éigin dearfaċ a ḋéanaṁ anois.

Ḃí ant-aḋ ar Pádraic Ḃreaṫnaċ, Gabra, Móraṫán, nár ṁarḃaíoḋ é le splanc Dé Saṫairn. Ḃí sé ag taḃairt móin na ḃaile ón ṗortaċ ċuig na ṫeaċ leis an asal agus cairt, nuair a ṁarḃaiġ an splanc an t-asal. Meas-ann an tUasal Ḃreaṫnaċ gurb iad na bróga ruibéar a ḃí sé ag caiṫeaṁ agus an cóta oilscin, a sáḃáil é ar an splanc.

CORCA DUIḂNE

Leanfar den tionscail cniotála i mBaile an Ḟeirtéaraiġ, agus beiḋ saoṫrú le fáil ag cailíní na h-áite fós. Cinneaḋ é seo ag cruinniú míosúil an Ċoiste Gairmoideaċais i dTráiġlí, nuair a ṫug siad údarás do ċeapaċán Éiḃlín Ḃean Uí Ḟaṫaiġ, Baile an Ḟeirtéaraiġ, mar ṁúinteoir páirt-aimsire, cniotáil innill, ag na ranganna a ḃí roiṁe sin ag an tSiúr M. Philomena.

Tá Siúraċa an Leinḃ Íosa ag fágaint Baile an Ḟeirtéaraiġ mar a fógraíoḋ in AMÁRAĊ tá roinnt seaċtainí ó ṡin, aċ is áṫas le muinntir na h-áite go leanfaiḋ an tionscail cniotála. Dúirt an Príoṁ-Oifigeaċ, an tUasal Séamas Mac Duiḃir, go raiḃ an Coiste le blianta, ag ceapaḋ an tSiúr Philomena mar ṁúinteoir páirt-aimsire, cniotáil innill, agus ós rud é go raiḃ na mná rialta taréis fágaint, go raiḃ siad ċun an socrú céanna a ḋéanaṁ le Ḃean Uí Ḟaṫaiġ. Ar ṁolaḋ Seán S. Ó Laoire, agus Pádraic Ó Pailméar, tugaḋ buíoċas don tSiúr Philomena. Dúirt an Teaċta Míċeál Ó Beaglaoiċ gur ṁór an creidiúint do Ḃean Uí Ḟaṫaiġ, an tionscail a ġlacaḋ as láiṁ. Taḃarfaiḋ an Coiste an gnáċ deontas do na ranganna.

Ḃí cruinniú Macra na Feirme i Scoil na ḃFeilméaraí, An Daingean, Dé hAoine seo caite, an 15ú lá, nuair a ḃí comórtas idir-craoiḃe idir foirne ó Eanaċ Scáil, Fionntrá agus an Daingean. Aréir, Diardaoin, 27ú ḃí an oíċe caidriṁ bliantúil in Óstán Benners, An Daingean, mar a raiḃ slua mór i láṫair a ḃain taitneaṁ as an oíċe.

Tá Coistí Áitiúla tríd Ċorca Duiḃne, bunaiṫe ċun cúrsaí game agus láṁaċ agus iascaċ, a láiṁseáil, d'ḟonn buntáiste a ḃaint astu don ċuairteoireaċt. Tá an naosc agus an ċearc fraoċ, a ḃíoḋ ċom flúirseaċ sin tríd Ċorca Duiḃne, ag fáil gann, agus ní mór rud éigin a ḋéanaṁ lena sáḃáil nó imeóiḋ siad as ar fad.

Tá Cumann Iascaí an Daingean ag iarraiḋ cearta iascaireaċta Aḃainn Feoċanaċ a ḟáil den tséasúr seo ċugainn. Is aige Coimisiún na Talún, atá na cearta. Le uainéirí príoṁáideaċ, cearta iascaireaċt Aḃainn Ḃaile an Ṁuilinn.

Cúis bróin insan ċeantar, bás Seán S. Mac Cionnaiṫ, as Baile Móraċ, An Daingean. I Lonndain a d'éag sé.

In Oispidéal Anoṁ Eilís, An Daingean, d'éag Pádraic Ó Leaṫaiġ, Binn Bán, agus ċuaiġ an soċraid go reilig Gairfine.

Coiste Paráiste Gníoṁaċ

Ócáid ṁór na bliana i bParáiste Ġleann Ċolmcille anois, toġċáin bliantúil don Coiste na Paráiste, agus an tseaċtain seo caite, ḃí an ċéad ċruinniú den Coiste Paráitse nua i halla Ṁuire, Caiseal, agus an tAṫair Mac Duiḃir, S.C., i gceannas air.

Ċuir an Caṫaoirleaċ na luí ar na baill gur ċeart díoḃa súil a ċoinneáil ar trí rud fé leiṫ, forbairt cultúraċ, forbairt soisialaċ agus forbairt eacnamiceaċ.

De ṫairḃe na saġasanna forbairte seo, ḃí mion-roinnt déanta orṫa. San dóiġe go raiḃ 26 pleananna fé leiṫ le cur i gcríċ insan ċeantar, an ḃliain seo, agus h-ainmníoḋ 26 daoine fé leiṫ, gaċ duine acu le beiṫ i mbun ceann aṁáin de na gnóṫaí seo.

Ṁíniġ an tAṫair Mac Duiḃir na dualgaisí a ḃeaḋ ar gaċ duine acu. Sa dóiġe seo tá an Coṁairle Paráiste ag súil leis an méid is féidir forbairt a ḋéanaṁ tré ḋuine aṁáin a ḋéanaṁ freagarṫaċ as gaċ uile ċuid den ġnó.

Seo iad na gnóṫaí fé leiṫ:—

Forbairt Iascaċ Farraige agus Tíre—Liam Ó Cuinneagáin.

Dráma Gaeilge — Seán Ó hÉanaí.

Fíodóireaċt — Peadar Ó hEoċaiḋ.

Cleiteáil — Máire A. Nic Giolla Easpaiġ.

Turasóireaċt — Máire A. Ní Ġearra.

Scéimeanna Uisce — Seán Mac Guiḋir.

Leictreaċas — Pádraic Ó hIcín, Sraiṫ Ḃuí.

Feilméaraċt Caoraċ — Seán P. Ó Ḃeirn, Caiseal.

Fás Glasraí agus Tógáil Muca—Colm Mac Guiḋir.

Eantaí — Bríd Ḃean Uí Ċuinneagáin.

Díospóireaċta — Eiḃlín Nic Giolla Easpaiġ, O.S.

Glanaḋ Aiciḋeaċa — Séamas Mac Guiḋir.

Tiṫe—Tomás Ó Donnaċú.

Liaṫróid Láiṁe — Gearóid Mac Giolla Easpaiġ.

Peil — Seán Ó Cuinneagáin.

Iomáin—Tomás Ó Purcell.

Cuiṁneaċáin — Ḃean Uinsionn Ó Foglú.

Dicgú—Míċeál Ó Ḃeirn.

Crainn Fascaiḋ — Séamas Ó Curráin.

Bóiṫre agus Droiċid — Pádraic Mac Giolla Easpaiġ.

Cluiċí Cárdaí — Proinnsias Mac Giolla Easpaiġ.

Pictiúirí — Pádraic Mac Ḟionnlaoiċ.

Dráma — M. Ḃean Ṁic Ḟionnaloiċ.

Daṁsaí Céilí — Cáit Nic Ḟionnlaiċ. Cáit Ní Ḟionnarta, S.R.N., agus Caitlín Ní Ċurráin, O.S.

Daṁsaí Nua-Aoiseaċ — Oliḃéar Mac an tSaoir.

Soláṫar — Bernadette Nic Ḟionnlaoiċ.

Canteen — Cáit Nic Ḟionnlaoiċ agus Bríd Ní Ḃaoill.

Córaċa — Cáit Nic Ḟionnlaoiċ agus Áine Nic Ḟionnlaoiċ, O.S.

Táṫar ċun duilleóg eolais a foilsiú agus a ḋáiliú go rialta faoi gnóṫaí agus dul ċun cinn na Coṁairle, agus ag caḃrú leis an Aṫair Mac Duiḃir, ins na gnó seo, beiḋ M. Ḃean Uí Ċoileáin, O.S., Bríd Ḃean Ṁic Seáin agus F. Cromlish.

Togaḋ Máire Ḃean Uí Ċuinneagáin, Caiseal, mar rúnaí, r'aon guṫ, Seán Mac Guiḋir, Bainisteoir Óstán Gleann Ḃáiġ, Málainn Mór, mar leas-ċaṫaoirleaċ, agus Proinnsias Cromlish, Coṁar an Eargaill, mar ċisteoir.

Ag guí go raċaḋ an Coṁairle Paráiste ċun cinn, dúirt an caṫaoirleaċ, dá nDéanfaḋ na baill uilig iarraċt dáiríriḃ ina gcuid gnóṫaí féin, naċ raiḃ aṁras ar biṫ ná go n-eiríoḋ leis an scéim nua fá ċoinne obair Coṁairle na Paráiste.

Gleann Colmcille

Cúis ṁór bróin san dúṫaiġ agus sa paráiste bás Ellen Ḃn. Ṁic Ḟionnlaoiċ, Dúṁaiġ, Gleann Colmcille. Ḃí sí in aois a 91 bliana, agus ḃí an tsláinte go maiṫ aici suas go dtí an tinneas deireannaċ. Ḃí árdmeas uirṫí féin ar a teaġlaċ ar fud Iarḋeiscirt Ḋún na nGall agus ḃí sí féin carṫannaċ láċ, agus ina comarsain iontaċ láċ. Ḃí cliú agus cáil uirṫí mar ḃean tí agus ins na ceirdeanna uilig a ḃíoḋ ag mná tí na Gaeltaċta le fada. Fuair a fear céile, Cornelius, bás tá seaċt mbliana ó ṡin agus ḃí sí ar ḋuine de na ċéad daoine a ċuaiġ i mbun obair an ḃáinín san ċeantar. Mac léi, Pádraic, atá mar maor agus bainisteoir áitiúla ag Gaeltarra Éireann i gCaiseal. Níṫear comḃrón lena clann insan ċaill. Ċuaiġ scaifte an ṁór leis an tórraṁ ó Teaċ Pobail Naoṁ Columba, Caiseal, go dtí an reilig. Ḃí blá-ḟleasg ó oibríṫe an Mart Sníoṁadóireaċta. An tAṫair Mac Duiḃir a léiġ Aifreann na Marḃ, i dTeaċ Pobail Naoṁ Columba agus adúirt na paidreaċa ag an uaiġ.

Deireaḋ na seaċtaine seo caite, ḃí gálaí gaoiṫe móire ar ċósta Ḋún na nGall, a ċuaiġ suas go dtí 60 míle san uair, agus ḃí tráiléirí agus bádaí iascaireaċta idir beag agus mór fá ċlataċ i riṫ an ama. Ċom maiṫ leis na gálaí gaoiṫe móire, ḃí an oiread fearṫana ag titim, a d'fág tuilliṫe ṫart taoḃ na tíre

ċaḃraiġ le h-obair na bliana i halla Ṁuire, Caiseal, Gleann Colmcille. Ḃí ós cionn 30 de luċt seinnte ceoil ar an tseannós, ó paráistí Gleann Colmcille agus Cill Ċárṫa ag dinnéar agus oíċe caidriṁ in Óstán Gleann Ḃáiġ, Málainn Mór, faoi ċeannas Séamas Mac Duiḃir, O.S., a ċuir fáilte croíúil roiṁ na ceoltóirí go léir, agus a ṫug buíoċas díoḃa as a ḃeiṫ ag seinim ċom maiṫ agus a ḃí, gan táille ar biṫ, ag na h-imeaċtaí in halla Ṁuire, gaċ bliain. Rinn Seán Ó Baoill, Gaoṫ Doḃair, Iar-Ṡairsint Gárdaí, i nGleann Ċolmcille, comġáirdeaċas leis na ceoltóirí ar an obair ḃreá a ḃí siad a ḋéanaṁ leis an ceol traidisiúnta a ċoinneáil beo.

An Cloċán

Tugaḋ bronntanas don Ċeannfort S. Seoiġe, ar na aistriú ón Ċloċán go Cill Dara. An Sáirsint S. Ó Ceallaiġ, An Cloċán, ṫar ċeann baill na nGárdaí i gceanntar an Ċloċáin, a rinne an bronnaḋ. An Ceannfort D. Ó Cinnéide as Raṫ Fearnáin atá ag teaċt in áit an Ceannfort Seoiġe ar an gCloċán.

Tá Séamas Ó Maoláin, An Cloċán páirteaċ insan ceirnín fád-seinnte a rinne Gael-Linn ag Fleaḋ Ceoil Ċluain Eois i gCo.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Fuair Seán D. Mac Pàidín, as an Duṁaí Ṫíos, bás i gceann na 88 mbliain Dé Domnaiġ s' ċuaiġ ṫart, an 24ú inst—an lá céanna a d'éag Sir Winston Churchill (a ḃí ina árd-oifigeaċ os a ċionn ṫar lear le linn an Ċéad Ċogaiḋ Ṁóir—1914-18). Ḃí tórraṁ mór leis go reiliġ an Ṁíoḃaí ⁊ tugtar comḃrón na paróiste dá ḋaoine muintearṫa — ina measc a ċlann mac; Mánus agus Míċeál (in Albain) agus Seán (sa tseanḃaile), a ċuid iníonaċ:— Saiḃín Nic Pàidín (sa ḃaile) ⁊ Caitlín. Ḃean Uí Ċrónín (i Meiriceá) agus a ḋearṫáireaċa, Mánus agus Míċeál (in Albain) ⁊ a ḋeirfiúr, Gráinne, baintreaċ Ṁic Ġiolla Ċearra, as an Dúṁaí. Ba é Sagart na Paróiste, an Mons. Oir. Mac Ioċlainn, a léiġ an urnaí ċois-uaiġe.

Padaí Ṡeáin Ḋonċaiḋ Ṁéil Mac Giolla Ḃríde, as an Leargeatartu — mar ḃí: Míċeál Mac Giolla Ḃríde as Doire Ċasáin ⁊ Seán M. Mac Pàidín as an Dúṁaí. Níl ḟios go fóill cé haige a mbeiḋ an éadáil luaċṁar sin, sorngáis faoi lán-tseol, oíċe Aoine s'ċugainn.

Tá Baile an Easca fá ṫuairim míle-go-leiṫ ṫiar-ṫeas ó Ċarraig Airt, suiṫe ag bun na gcnoc —agus, ṫart fá leaṫċéad bliain ó ṡin, ḃí trí cinn déag de ṫiṫe-ċónaiṫe seascaire ċois aḃann anseo. Aċ, faraor! Ḃí sé sa tairngreaċt go ḃfeicfí an lá, le linn a raiḃ beo san am, naċ mbeaḋ toit-tí le feiceáil i mBaile an Easa. Agus tá seo uilig cruṫaiṫe insan lá atá inniu ann. Níl díḋeán don daonna ann níos mó. Tá iomlán curaíoċta faoi ṡeilḃ brúide na brocaḋ agus éanlaiṫe an aeir. Níl anseo aċ sampla aṁáin den ḃánú gan fónaṁ atá ag gaḃáil ar ag-

Dairḃre

Tá áṫas fríd an oileán go ḃfuil scéim an droiċid ag dul ċun cinn fé ḋeireaḋ ṫiar. Is cosúil anois naċ fada go mbeiṫfear ag cur fógraí ins na páipéirí ar lorg tairiscintí don droiċead eile.

Ḃí slua maiṫ i láṫair ag cruinniú cinn bliana C.L.C.G. Dairḃre, Dé hAoine seo caite, an 15ú lá do Eanair. Ḃí cuntas ana ṡásúil ag an rúnaí ar obair na bliana, agus ḃí an ċraoḃ sásta go maiṫ leis.

ṫar ṫaiḃse na Gaeltaċta-

Tá a lán cainte fá'n splanc a ṫit ar ṫeaċ-taḃairne Niú Mánuis Uí Ḋálaiġ ar an Duḃċarraí i ndeireaḋ na seaċtaine s' ċuaiġ ṫart. Tá an t-áras seo suiṫe ċois na haḃann ar an talaṁ is ísle i nGleann Ġaoṫ Ḃearra — agus caiṫfiḋ gurb é an aeróg don telefíseán a ṫarraing anuas an tubáiste orṫu. Ṫarla an rud céanna i gCarraig Airt oíċe aṁáin arú—anuraiḋ nuair a